# Ráitis Cuntas na bPáirtithe Polaitíochta

# 2020

## Tuarascáil do Chathaoirleach Dháil Éireann de bhun Alt 88(1) d'Acht Toghcháin, 1997, arna leasú

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 HE97
Teileafón: (01) 6395666
R-phost: sipo@sipo.ie
Suíomh gréasáin: www.sipo.ie
Twitter: @SIPOCIreland


Márta 2022

## Réamhfhocal

Cúis áthais dom an tuarascáil seo maidir le ráitis cuntas bliantúil na bpáirtithe polaitíochta le haghaidh 2020 a chur ar fáil do Chathaoirleach Dháil Éireann (Ceann Comhairle) agus don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir alt 88 d'Acht Toghcháin, 1997, arna leasú.

Foráiltear in Acht Toghcháin, 1997, arna leasú ag Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitiúil), 2012, (an tAcht), do chuntais a bheith á nochtadh ag páirtithe polaitíochta. Chomh maith leis sin, déantar foráil ann le haghaidh taifid chuntasaíochta a choimeád atá ag tacú leis na cuntais sin.

- Ceanglaíonn Alt 84 den Acht go n-ullmhaíonn oifigeach ainmnithe páirtí polaitíochta – an t-oifigeach cuí – na cuntais.
- Ceanglaíonn Alt 86 go ndéanfadh iniúchóir reachtúil na cuntais a iniúchadh.
- Cuireann Alt 87 d'oibleagáid ar an oifigeach cuí na cuntais a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún) mar aon le cóip de thuarascáil an iniúchóra tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh sa bhliain i ndiaidh na bliana lena mbaineann na cuntais.



______________________

Garret Sheehan
Cathaoirleach
An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

# Caibidil 1   Réamhrá

Foráiltear in Acht Toghcháin, 1997, arna leasú ag Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitiúil), 2012, (an tAcht), do chuntais a bheith á nochtadh ag páirtithe polaitíochta. Chomh maith leis sin, déantar foráil ann le haghaidh taifid chuntasaíochta a choimeád atá ag tacú leis na cuntais sin. Tá eolas le fáil sa tuarascáil seo maidir le cuntais a nochtadh a bhaineann le 2020.

Ceanglaíonn an tAcht seo go mbeadh na ceanglais a bhaineann le foirm agus ábhar dá bhforáiltear dóibh sna treoirlínte atá eisithe ag an gCoimisiún á gcomhlíonadh ag na cuntais.

De réir cheanglais an Achta, tabharfar cóip den tuarascáil seo do Chathaoirleach Dháil Éireann agus don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

# Caibidil 2 Cuntais curtha ar fáil ag páirtithe polaitíochta

Bhí 24 páirtí polaitíochta ainmnithe ar Chlár na bPáirtithe Polaitíochta i rith 2020.

## Treoirlínte do Pháirtithe Polaitíochta

D'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte athbhreithnithe, dar teideal **Ráiteas Cuntas Bliantúil: Treoirlínte do Pháirtithe Polaitíochta** (na treoirlínte), i mí Iúil 2017 mar threoir phraiticiúil do na páirtithe polaitíochta chun cabhrú leo ceanglais an Achta a chomhlíonadh.

## Athbhreithniú ar Ráitis Cuntas

Ceanglaíodh ar Pháirtithe a ráitis cuntas agus tuarascálacha iniúchóirí 2020 a chur ar fáil don Choimisiún faoin 30 Meitheamh 2021.

Bhreithnigh an Coimisiún gach ceann de na ráitis nó aighneachtaí a fuarthas, ag féachaint don Acht agus do na treoirlínte. Bhí cuid de na ráitis comhlíontach go hábhartha agus ní raibh gá le gníomh leantach. Cuireadh ceisteanna agus lorgaíodh soiléiriú le páirtithe maidir leis na haighneachtaí a fuarthas agus tugadh deis do pháirtithe freagraí a sholáthar. Sa chás gur dhéileáil páirtithe go leordhóthanach leis na ceisteanna a cuireadh, breithníonn an Coimisiún go bhfuil an reachtaíocht agus na treoirlínte á gcomhlíonadh go hábhartha ag na páirtithe sin.

Breithnítear go bhfuil ráitis cuntas comhlíontach sa chás go bhfuil an reachtaíocht agus na treoirlínte comhlíonta ag an bpáirtí, agus gur déileáladh go leordhóthanach le haon cheist a chuir an Coimisiún. Tá ráitis chomhlíonta foilsithe ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Tá toradh athbhreithniú an Choimisiúin ar chomhlíonadh na bpáirtithe le ceanglais an Achta le fáil i dTábla 1.

## Tábla 1 – Comhlíonadh páirtithe polaitíochta le ceanglais an Achta Toghcháin maidir le nochtadh ráiteas cuntas bliantúil

| Stádas ráiteas cuntas 2020 | Ainm an pháirtí polaitíochta |
|---|---|
| **Comhlíontach** | Aontú |
| | Fianna Fáil |
| | Fine Gael |
| | Páirtí an Lucht Oibre |
| | An Comhaontas Glas |
| | Sinn Féin |
| | Comhaontas Neamhspleách Chiarraí |
| | Dlúthpháirtíocht – An Comhaontas Pobal seachas Brabús |
| | Neamhspleáigh ar son an Athraithe |
| | Na Daonlathaithe Sóisialta |
| **Neamhchomhlíontach – cuntais neamh-iniúchta curtha ar fáil** | Páirtí Cumannach na hÉireann |
| | Daonlathas Duitse in Éirinn |
| | Comhaontas Dhínit an Duine |
| | Cumann na Saoirse |
| | An Cumann um Leas Ainmhithe |
| | Daoine Aontaithe |
| | *Right 2 Change* |
| | Grúpa Gníomhaíochta Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe |
| **Neamhchomhlíontach – Aighneacht/ comhfhreagras eile curtha ar fáil** | Fís Nua |
| **Neamhchomhlíontach – ní bhfuarthas cuntais** | Aitheantas Éire |
| | Páirtí Daonlathach na hÉireann |
| | An Páirtí Náisiúnta |
| | *Renua Ireland* |
| | Páirtí na nOibrithe |

## Ráitis Cuntas Neamhchomhlíontach

Chuir na páirtithe seo a leanas ráitis ar fáil nach raibh na treoirlínte á gcomhlíonadh acu:

- *Páirtí Cumannach na hÉireann*

  Go ginearálta, cloíonn na ráitis airgeadais neamhshínithe a cuireadh ar fáil leis an bhformáid atá sonraithe sna treoirlínte. Níl na ráitis iniúchta agus níl athbhreithniú mionsonraithe déanta orthu.

- *Grúpa Gníomhaíochta Oibrithe & Daoine Dífhostaithe*

  Ráiteas ioncaim, caiteachais agus iarmhéid deiridh bainc neamhshínithe curtha ar fáil, le ráitis bhainc. Níl sé iniúchta agus níl sé san fhormáid riachtanach. Níl athbhreithniú mionsonraithe déanta.

- *Daonlathas Duitse in Éirinn*

  Níl na ráitis airgeadais a cuireadh ar fáil, leis an ráiteas bainc, san fhormáid a cheanglaítear sna treoirlínte. Níl na ráitis iniúchta agus níl athbhreithniú mionsonraithe déanta orthu.

- *Cumann na Saoirse*

  Cuireadh ráitis airgeadais ar fáil. Ní raibh siad iniúchta agus níl athbhreithniú iomlán déanta orthu.

- *Daoine Aontaithe*

  Cuireadh 'ráitis airgeadais', sínithe, dhá leathanach ar fáil, dar dáta an 24 Iúil 2021. Níor nochtadh aon idirbhearta. Níl iniúchadh déanta ar an aighneacht.

- *Comhaontas Dhínit an Duine*

  Cuireadh ráitis airgeadais neamhshínithe, san fhormáid chuí, ar fáil. Níl aon idirbhearta airgeadais don tréimhse á nochtadh iontu. Níl iniúchadh déanta ar an ráiteas.

- *An Cumann um Leas Ainmhithe*

  Cuireadh liosta idirbheart nach bhfuil iniúchta ar fáil, i dteannta le ráitis bainc. Ní raibh siad san fhormáid riachtanach agus níl athbhreithniú mionsonraithe déanta orthu.

- *Right 2 Change*

Cuireadh ráitis airgeadais ar fáil.  Níl na ráitis iniúchta agus níl athbhreithniú mionsonraithe déanta orthu.

Níl ráiteas curtha ar fáil acu seo a leanas ach ghlac siad páirt i gcomhfhreagras a bhain leis an ráiteas cuntas.

- *Fís Nua*

  Shonraigh an páirtí nach raibh aon ioncam agus caiteachas aige in 2020.  Sonraíodh freisin nach ngearrtar táillí ballraíochta agus nach nglactar le síntiúis pholaitiúla.

Faoi Alt 86(4) den Acht, féadfaidh an Coimisiún a lánrogha a fheidhmiú iniúchóir reachtúil a cheapadh chun iniúchadh a dhéanamh ar aon chuntais nach bhfuil iniúchta. De bhrí go mbaineann na cuntais neamhiniúchta le páirtithe nach bhfaigheann maoiniú ón Státchiste faoin Acht Toghcháin, agus ag féachaint do cibé acu atá nó nach bhfuil infheistíocht na n-acmhainní riachtanacha ag teastáil ar mhaithe le leas an phobail chun iniúchadh dá leithéid a dhéanamh, chinn an Coimisiún gan iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis ábhartha.

Ainneoin nach raibh siad comhlíontach chun críche an Achta, tá na ráitis a fuarthas foilsithe ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

## Ní bhfuarthas aon Ráiteas Cuntas

Níl ráitis cuntas curtha ar fáil ag cúig pháirtí chláraithe don Choimisiún agus níl ceanglais na nAchtanna á gcomhlíonadh acu:

- Aitheantas Éire
- An Páirtí Náisiúnta
- Páirtí Daonlathach na hÉireann
- Renua Ireland
- Páirtí na nOibrithe

Sholáthair Renua Ireland a ráiteas cuntas le haghaidh 2019 ar an 18 Lúnasa 2021. Seachas moill a bheith orthu a n-aighneacht a sholáthar, tá na cuntais comhlíontach.

## Tuairimí Ginearálta

I roinnt cásanna, bhí difríochtaí le tabhairt faoi deara san fhaisnéis a cuireadh ar fáil sna ráitis airgeadais agus san fhaisnéis a lorgaíodh sna treoirlínte agus sa teimpléad gaolmhar a chuir an Coimisiún ar fáil.

Ainneoin nach rabhthas ag cloí go docht leis na treoirlínte, bhí an bealach ar dhéileáil na páirtithe leis na réimsí seo mórán cosúil leis an mbealach ar déileáladh leo i rith na mblianta roimhe sin.

Seo a leanas na trí réimse inar sainaithníodh difríochtaí ábhartha

- an ráiteas freagrachtaí
- aithint ioncaim – táillí agus síntiúis bhallraíochta
- síniú agus dátú ráiteas (an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, agus an Ráiteas Sreabhaidh Airgid).

## Caibidil 3   Moltaí

Mar atá thuasluaite, bhain roinnt fadhbanna le soláthar ráiteas cuntas páirtí nach gá go mbeifí ag súil leo nuair a dréachtaíodh an reachtaíocht.

Níl ceanglais an Achta agus na treoirlínte á gcomhlíonadh ag roinnt páirtithe. Thuairiscigh cuid de na páirtithe níos lú nach bhfuil faoi réir an Achta nach raibh aon ioncam acu i rith 2020. Ní fhaigheann na páirtithe polaitíochta seo aon mhaoiniú ón Státchiste.

Mar atá thuasluaite, tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil an ceanglas atá ar gach páirtí polaitíochta cláraithe ráitis cuntas a sholáthar agus a chinntiú go bhfuil siad iniúchta ag iniúchóir reachtúil, beag beann ar mhéid an pháirtí nó ar an méid ioncaim agus caiteachais, iomarcach.  Dá réir sin, molann an Coimisiún arís gur cheart an reachtaíocht a athbhreithniú agus é mar aidhm páirtithe níos lú a dhíolmhú ón gceanglas ráitis cuntas iniúchta a thabhairt don Choimisiún. D'fhéadfaí go n-áireofaí anseo, mar shampla, páirtithe nach bhfaigheann aon mhaoiniú poiblí, nó páirtithe nach bhfaigheann ach leibhéal beag tabhartas príobháideach. Measann an Coimisiún gur cheart go mbeadh an ceanglas fós ann go mbeadh ráitis cuntas á gcur ar fáil ag gach páirtí polaitíochta cláraithe, ach nach gá in imthosca mar sin go mbeadh na ráitis á n-iniúchadh.

Admhaíonn an Coimisiún gur sholáthair Renua a ráiteas cuntas le haghaidh 2019 ach chuir sé in iúl gur ábhar mór imní é, gur theip ar Renua, páirtí a fuair airgead poiblí faoin Acht, a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh ráiteas cuntas le haghaidh 2020 a chuir ar fáil don Choimisiún. Forálann an tAcht, sa chás go dteipeann ar pháirtí polaitíochta cláraithe ráiteas Cuntas a sholáthar i dteannta le Tuarascáil Reachtúil Iniúchóra, nach gcuirfear aon íocaíocht eile de mhaoiniú Státchiste ar fáil don pháirtí sin go dtí go gcomhlíonann sé a oibleagáidí sa chomhthéacs sin.

Sa chás seo, de bhrí go raibh líon iomlán na vótaí céadrogha a fuair iarrthóir Renua sa toghchán ginearálta i mí Feabhra 2020 léirithe mar chéatadán de na vótaí céadrogha iomlána a fuair gach iarrthóir sa toghchán sin níos lú ná 2%, ní páirtí cáilithe é an páirtí níos mó agus níl aon íocaíochtaí eile dlite don pháirtí.

Dá réir sin, ní féidir aon ghníomh a dhéanamh in aghaidh Renua mar gur theip air a oibleagáid ráiteas cuntas a sholáthar.

Chuir an Coimisiún in iúl freisin nach bhfuil ceanglais reachtaíocht eile tuarascálacha airgeadais nó ráitis cuntas a chur i dtoll a chéile comhsheasmhach lena chéile i gcónaí. Bheadh sé úsáideach dá bhféadfaí ceanglais tuairiscithe na reachtaíochta uile a chomhdhlúthú nó a réiteach a fhorálann do mhaoiniú stáit páirtithe polaitíochta ar mhaithe le héascaíocht riaracháin agus comhleanúnachas reachtach.

## Caibidil 4   Foilsiú Doiciméad Reachtúil

Tá ráitis cuntas agus tuarascálacha iniúchóirí ó pháirtithe polaitíochta de bhun alt 87 le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, ag www.sipo.ie. Chomh maith leis sin, déanfaidh an Coimisiún cóipeanna de ráitis agus tuarascálacha atá ar fáil le hiniúchadh ag an bpobal, gan táille a ghearradh, ag a oifig ag 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773, i rith gnáthuaireanta oibre. Más mian leat féachaint ar na doiciméid reachtúla, déan teagmháil leis an gCoimisiún trí ríomhphost a sheoladh chuig info@sipo.ie nó glaoch ar an uimhir (01) 639-5666.